Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
National Library of Ireland

**Scoláireacht Leabharlainne**

***Is fostóir comhdheiseanna í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann***

**Eolas d'Iarratasóirí**

1. Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, i gcomhar le clár na Máistreachta sa Léann Leabharlainne agus Faisnéise (MLIS), Scoil an Léinn Faisnéise agus Cumarsáide, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ag tairiscint Scoláireacht Bhliana Leabharlainne do chéimí ar mian leis/léi taithí a fháil ar bheith ag obair i leabharlann sula dtabharfaidh sé/sí faoi chúrsa iarchéime sa leabharlannaíocht. Tabhair faoi deara **nach ceadmhach** dóibh siúd a bhfuil cúrsa iarchéime sa leabharlannaíocht déanta acu cheana féin cur isteach ar an bpost seo.

2. Mairfidh an Scoláireacht tréimhse 12 mhí agus cuirfear tús léi i mí Mheán Fómhair 2024. Táthar ag súil go dtabharfaidh an mac léinn faoin gcúrsa iarchéime sa leabharlannaíocht i bhFómhair 2025.

3. Cáilíochtaí
   Ní mór d'iarratasóirí céim onóracha ábhartha a bheith acu ó ollscoil aitheanta agus caithfidh sé gur mian leo dul leis an leabharlannaíocht ghairmiúil mar ghairm.

4. Riachtanais
   Beidh ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi:
   - Scileanna láidre idirphearsanta agus a bheith in ann oibriú mar chuid d'fhoireann
   - Cumas oibriú ar bhealach eagraithe agus táirgiúil le haird láidir ar mhionsonraí
   - Cumas spriocdhátaí a chomhlíonadh agus a bheith in ann oibriú as a stuaim féin
   - Scileanna TF den scoth
   - Seirbhís den scoth do chustaiméirí
   - Beidh taithí leabharlainne inmhianaithe, ach ní bheidh riachtanach

5. Tairgfidh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann conradh fostaíochta 12 mhí don iarratasóir a n-éireoidh leis/léi.

6. Beidh an mac léinn sannta do Rannóg na mBailiúchán Foilsithe i rith na bliana d'fhonn is go mbeidh sé/sí in ann eolas a chur ar bhuntheoiric agus ar chleachtas na leabharlainne.

7. Is é an ráta pá bliantúil reatha a bhaineann leis an Scoláireacht ná €29.006 agus fabhrófar saoire bhliantúil 22 lá.

8. Féadfaidh an Leabharlann Náisiúnta deireadh a chur leis an Scoláireacht ag am ar bith i gcás go mbeidh an mac léinn i mbun mí-iompair nó go mbeidh ag teip air/uirthi go leanúnach ar chúis ar bith na dualgais arna leagan air/uirthi a chomhlíonadh go sásúil.

9. Ba cheart foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar ais tríd an ríomhphost chuig Aonad Acmhainní Daonna NLI ag careers@nli.ie

10. **Caithfear** foirm iarratais oifigiúil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a úsáid le hiarratas a dhéanamh, rud is féidir a fháil ar líne ar https://www.nli.ie/about-us/working-national-library-ireland . Ní ghlacfar ach le hiarratais ar fhoirm iarratais oifigiúil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Is ar an iarrthóir a bheidh an fhreagracht as an iarratas a chur isteach ar an bhfoirm cheart.

11. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh **3.00 p.m.** ar an **26 Meitheamh 2024. Ní ghlacfar** le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta sin. Beidh sé de fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfear an fhoirm iarratais chomhlánaithe in am.

12. Déanfar na hiarratais a ghearrliostú de réir an eolais a thabharfar ar na foirmeacha iarratais a bhaineann leo.

13. Beidh ar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo san agallamh dul faoi sheiceálacha sula bhfostófar iad, lena n-áirítear soláthar teistiméireachtaí agus dearbhú sláinte agus carachtar.

14. Beidh na hagallaimh ar siúl idir thús agus lár Mhí Iúil**.** Is iad na hiarrthóirí a bheidh freagrach as bheith ar fáil le dul faoi agallamh ar an dáta a shannfar dóibh.

15. Coinníonn an Leabharlann an ceart aici féin na fiosruithe uile a mheasann sí a bheith riachtanach a dhéanamh maidir leis an iarratasóir sula dtairgfear Scoláireacht dó nó di.

*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann,*
*Bealtaine 2024*

**Aguisín 1**

**CLÁR SCOLÁIREACHTAÍ LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN**

| | |
|---|---|
| **Teideal an Phoist:** | **Scoláireacht Leabharlainne**<br>**Conradh Sealadach ar Théarma Seasta**<br>**(Conradh 12 mhí)** |
| **An Rannóg den Leabharlann:** | **Bailiúcháin Fhoilsithe** |

**Clár Scoláireachtaí:** Tá an post á thairiscint faoi chlár scoláireachtaí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann do chéimithe ar mian leo taithí a fháil ar bheith ag obair i leabharlann roimh dóibh tabhairt faoi chúrsa iarchéime sa leabharlannaíocht.

Is i Rannóg na mBailiúchán Foilsithe i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a bheidh an mac léinn ag obair.

**Príomhdhualgais**
I measc na ndualgas a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá (ní liosta uileghabhálach é seo):

- Cabhrú le saothair a fháil isteach agus catalógú na mbailiúchán foilsithe, lena n-áirítear leabhair, paimfléid, tréimhseacháin agus nuachtáin;
- A fhoghlaim cén chaoi catalógú a dhéanamh de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta;
- Obair thionscadail ar leith a d'fhéadfadh teacht chun cinn le himeacht na bliana agus dualgais eile de réir mar is iomchuí;
- Dul i gcomhar le foireann na seirbhísí léitheora le sainscileanna seirbhíse do chustaiméirí agus sainscileanna idirphearsanta a fhorbairt;
- Dualgais eile de réir mar is iomchuí.

**Scileanna Ginearálta a Bheidh ag Teastáil**
Beidh ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi:

- Scileanna láidre idirphearsanta agus a bheith in ann oibriú mar chuid d'fhoireann;
- Cumas oibriú ar bhealach eagraithe agus táirgiúil le haird láidir ar mhionsonraí;
- Cumas spriocdhátaí a chomhlíonadh agus a bheith in ann oibriú as a stuaim féin;
- Scileanna TF den scoth;
- Seirbhís den scoth do chustaiméirí;
- Beidh taithí leabharlainne inmhianaithe.

**Foghlaim**
Ó bheith páirteach sa chlár scoláireachtaí:

- Cuirfidh an mac léin eolas praiticiúil ar shaothair a fháil isteach agus ar phróisis chatalógaithe;
- Forbróidh tuiscint leathan ar thimpeallacht shuntasach Leabharlainne/faisnéise;
- Beidh deis aige/aici eolas a chur ar na bailiúcháin fhoilsithe atá ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann;
- Forbróidh scileanna den scoth um sheirbhís do chustaiméirí.